

Imlitir M 10/94

Chuibh Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna

Athbhreithniú ar Rial 46 de “Rialacha agus Clár na Meánscoileanna” maidir leis an díolúine ón nGaeilge

- 1 An clár dara leibhéal sa Ghaeilge faoi láthair mar aon leis an cheann a bhfuil beartaithe, tá sé d’acmhainn aige freastal ar éagsúlacht fhairsing iniúlachta. Mar sin féin, tá soláthar ann i Rial 46 de “Rialacha agus Clár na Meánscoileanna” do dhíolúine ón nGaeilge i gcúinsí teoranta ar leith.

Tá athbhreithniú déanta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar na cúinsí a bhainfidh leis an díolúine sin a cheadú agus tá an Rial 46 leasaithe aice mar a leanas

“Beidh sé de chead ag daltaí sna cúinsí a leanas ábhar ar bith eile a roghnú in ionad na Gaeilge as an liosta d’ábhair cheadaithe chun críche Rialach 21 (1) (a) agus (b):

- (a) *Daltaí a rinne freastal ar bhunoideachas go dtí 11 bliain d’aois i dTuaisceart Éireann nó lasmhuigh d’Éirinn*
- (b) *Daltú a bhí cláraithe cheana féin mar dhaltaí aitheanta i mbunscoil no i scoil dara leibhéal agus go mbeidh ath-chlárú dá dhéanamh acu tar éis tréimhse thar lear ar an gcoinníoll go mbeidh trí bliana thart ó rinneadh an clárú sa Stát cheana agus go mbeidh 11 bliain d’aois slánaithe acu.*
- (c) *Daltaí*
- (i) *a fheidhmíonn go hintleachtúil ag an leibhéal meánach nó lastuas de ach go bhfuil **Míchumas Foghlamtha ar leith** orthu sa mhéid go dteipeann orthu na leibhéil a bheidh súil les a bhaint amach sna bunscoileanna teanga sa mháthairtheanga, nó*
- (ii) *ar **mhíchumas foghlamtha ginearálta**, de thoradh measúnachta, **de bharr mórbhaic intleachtúil [i.e. bac meabhrach]** agus go bhfuil ag teip orthu, freisin, leibhéil shásúla a bhaint amach sna bunscoileanna teanga sa mháthairtheanga*
- (iii) *ar **mhíchumas foghlamtha ginearálta**, de thoradh measúnachta, **de bharr mórbhaic céadfaigh** agus go bhfuil ag teip orthu, freisin,*

leibhéal shásúla a bhaint amach sna bunscileanna teanga sa mháthairtheanga

Ba chóir go gcuirfeadh siceolaí cáilithe an fhaisnéis ar fáil maidir lena leithéid de mhíchumas agus go mbeadh tuairisc ó shaineolaí leighis ann mar thacaíocht i gcás (iii). Ina theannta sin, ba chóir don scoil tuairisc iomlán ar an dalta a sholáthar.

(d) *Daltai ón gcoigrích a bheadh dall ar an mBéarla ag am an chláraithe, ní bheadh se de dhualgas orthu ach teanga amháin a fhoghlaim, Gaeilge nó Béarla.”*

2. Cuirfead an t-athbhreithniú i bhfeidhm le héifeacht ó thús na scoilbhliana 1993/94. Bainfidh sé le mic léinn atá cláraithe faoi láthair sna cláir sa timthriall sóisearach agus sa timthriall sinsearach i scoileanna dara leibhéal chomh maith leis na mic léinn sin a dhéanfar a chlárú sna cláir sin sa todhchaí.

Leanfaidh an díolúine a dheonfar ar mhac léinn ar aghaidh ar feadh na tréimhse sa dara leibhéal

3. Údaraítear d’Údaráis Bhainistíochta scoileanna an díolúine a dheonú faoin Riail mar atá sí leasaithe faoi réir na nósanna imeachta is na critéir a leanas agus faoi réir monatóireachta rialta na Roinne.
4. Cuirfead na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm
 - Cuirfead iarratas ar dhíolúine, i scríbhinn, faoi bhráid an Phríomhoide ag an tuismitheoir nó ag an gcaomhnóir. Déanfaidh an t-iarratas sin an fáth leis an díolúine a shonrú. Déanfar fianaise dhoiciméadach maidir le haois agus scolaíocht cheana, mar is cuí, a chur leis an iarratas
 - Beidh na húdaráis scoileanna sásta leo féinigh go mbeidh an fhianaise dhoiciméadach ceart is iomlán
 - Ullmhóidh na húdaráis scoileanna tuairisc iomlán ar an mac léinn i gcomhairle leis na múinteoirí ábhartha
 - Sa chás go n-iarrfar an díolúine faoi fho-alt (c) den Riail 46, beidh ar an tuismitheoir nó ar an gcaomhnóir tuairiscí a sholáthar ó shiceolaí cáilithe agus ó shaineolaí leighis cuí mar a oireann.
 - Agus an cinneadh a bheith déanta chun an díolúine a dheonú, seolfar teastas scríofa, agus é sínithe ag príomhoide na scoile, chuig an tuismitheoir nó an caomhnóir ag cur in iúl go bhfuiltear an díolúine a dheonú de réir na Rialach. Luafar ar an teastas chomh maith ainm agus seoladh agus cineál na scoile, ainm an dalta agus an dáta beireatais, an fo-alt faoi a bhfuil an díolúine dá bronnadh mar aon le príomhchúiseanna faoi deara na díolúine. Ait a bhfuil an díolúine dá bronnadh faoi fo-alt (c), luafar, freisin, ainm agus seoladh an tsiceolaí cháilithe mar aon le dáta na

tuairisce a cuireadh i láthair. Luafar, freisin, ainm an tsaineolaí leighis agus dáta na tuairisce más cuí sin.

- Coimeádfaidh an scoil an t-iarratas, an tuairisc scoile, tuairisc an tsiceolaí, tuairisc an tsaineolaí leighis, cóip den teastas díolúine mar aon leis na cáipéisí ábhartha eile agus beidh siad ar fáil le haghaidh cigireachta ag oifigigh údaraithe na Roinne.
- Seolfar cóip den teastas díolúine chuig an Roinn, Rannóg Riaracháin Iarbhuoideachais, An Tulach Mhór, Co. Uibh Fhailí laistigh de sheachtain amháin ó dháta bronnta na díolúine

5. Ní chuimsíonn an téarma Míchumas Foghlamtha ar Leith na míchumais a éiríonn as drochfeidhmiú intleachtúil ginearálta. Ní mór na critéir a leanas a chur san áireamh agus cinneadh dá dhéanamh ar Mhíchumas Foghlamtha ar Leith a bheith i láthair. Is iad

- Feidhmiú intleachtúil a bheith measta ag an meánleibhéal nó níos airde
- Gan bheith in ann na leibhéil is dual dóibh a bhaint amach sna bunscoilanna mar léitheoireacht agus scríobhnóireacht
- Teipeanna coitianta mar iad nach mbaineann go díreach le gnéithe mar dhrochthinreamh, mar dhrochspreagadh nó nach n-éiríonn as fadhbanna maidir le idirghníomhacht shóisialta d'fhéadfadh cur isteach ar an bhfoghlaim

6. Measúnacht iomlán siceolaíochta ba chóir a bheith i dtuairisc an tsiceolaí agus ba chóir an mheasúnacht a bheith déanta ag siceolaí cáilithe níos lú ná dhá bhliain roimh an iarratas ar dhíolúine a bheith déanta.

Déanfar treoirlínte a ullmhú ag an Roinn ar chonus na tuairiscí sin a chumadh agus beidh siad ar fáil do na siceolaithe

7. Ba chóir go mbeadh faisnéis sa tuairisc scoile ar an measúnacht a rinneadh sa scoil ag treoirmhúinteoirí nó ag múinteoirí feabhais. Ba chóir go mbeadh faoi iamh, freisin, torthaí na scrúduithe Stáit nó na scrúduithe scoile, na tuairiscí ó na múinteoirí ábhartha, faisnéis ar thinreamh an dalta, an fonn ar staidéar mar aon le cabhair feabhais nó cúnaimh ar leith eile a fuair an dalta agus é/í ar scoil. Ba chóir eiseamláirí a bhainfidh le hábhar scríofa féinigh an dalta a ghreamú don tuairisc.

8. Déanfar monatóireacht rialta ar an Riail leasaithe ag an Roinn. Is féidir go gcuirfear deireadh leis an údarás tiomnaithe i scoileanna ar leith má cheaptar gur gá a leithéid de thoradh cúinsí áirithe. Déanfar athbhreithniú foirmiúil ar oibriú na Rialach ag deireadh na scoilbhliana 1995/96

9. Tá teastas díolúine faoi iamh

10. Fiosrúcháin sa bhreis maidir leis an Imlitir seo, ba choir iad a sheoladh chuig Rannóg Riaracháin Iarbhuoideachais, Brainse an Iarbhuoideachais, Bóthar Port

Laoise, An Tulach Mhór, Co. Uibh Fhailí, teileafón (01) 8734700 / (090) 6483600
/ (057-93-24331, fo-línte 4331, 5410 agus 5419.

Don Thornhill
Rúnaí.